# Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir



## Nuachtlitir Meán Fómhair 2023

IN THIS ISSUE

Hiodrálaicí
Leathanach 2
Imscrúduithe Talaimh
Leathanach 3
Measúnachtaí Timpeallachta
Leathanach 4
Na Chéad Chéimeanna Eile
Leathanach 5

# SCÉAL IS DÉANAÍ

Seo an t-ochtú nuachtlitir ag Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir. Ar na nithe is mó a rinneadh ó bhí an ceann roimhe ann, cuireadh an tuairisc mionsamhlaithe hiodrálaice isteach agus cuireadh an mheasúnacht ar Chlaífoirt Bhaile Féich i gcrích.

# Mionsamhlú Hiodrálaice

Tá na rití mionsamhlaithe hiodrálaice don chás faoi láthair curtha i gcrích. Cuireadh an Tuarascáil Hiodrálaice ar fáil don chliant i Meán Fómhair 2023, mapaí mhéid tuilte san áireamh. Aithníonn an tuarascáil an riosca measta reatha agus amach anseo ar tuile ag 10 gcillín tuile i mBaile Féich-Srath an Urláir agus máguaird.



*Abhainn na Finne in aghaidh an tsrutha i dtreo Óstán Jacksons*

Cuirfear tús leis an roghnúchán anois agus beartais faoisimh tuilte a mheas sna háiteanna éagsúla, bunaithe ar an riosca tuilte tomhaiste.

# Imscrúduithe Talaimh (Claífort Bhaile Féich)

Fuair ByrneLooby an Tuarascáil Imscrúduithe Talaimh, ina raibh taifid d'fhiosruithe láithreáin, tástáil saotharlainne agus torthaí tástálacha tréscaoilteachta na gceann titime ón Chonraitheoir san áireamh. D'ullmhaigh ByrneLooby Tuarascáil Léirmhínitheach ar mheasúnacht an chlaífoirt maidir le bheith ina chosaint ar thulite bunaithe ar thorthaí na Tuarascála Fiosruithe Láithreáin.



*Claífort Bhaile Féich i dtreo Páirc na Finne*

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

## Suirbhéanna Speisialta

Tá na sainsuirbhéanna timpeallachta do Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir curtha i gcrích go fóill. Déanfar tuilleadh suirbhéanna nuair a aithneofar na beartais chosanta tuilte féideartha.

## Bearta Nadúrtha Coinneála Uisce (NWRM)

Tá an fhoireann tionscadail ag obair leo ar an mheasúnú ar fhéidearthacht i dtaca le NWRM in abhantraigh Bhaile Féich-Shrath an Urláir chun an riosca tuile a mhaolú. Tá an tuarascáil indéantachta á réiteach faoi láthair.

## Hidreamoirfeolaíocht

Déanann an hidreamoirfeolaíocht imscrúdú ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht dhaonna agus nadúrtha ar hidreolaíocht agus ag geomoirfeolaíocht uisce agus na héiceachóras lena dtacaíonn siad. Beidh an suirbhé bonnlíne hidreolaíochta do SFT Bhaile Féich-Srath an Urláir ar siúl le linn an fhómhair.

# Na Chéad Chéimeanna Eile?

Sna míonna beaga romhainn, beidh an Fhoireann Tionscadail ag obair ar na nithe a leanas::

- **Tús a chur le forbairt roghanna do cheantair ina bhfuil riosca tuilte**
- **Leanúint den mheasúnú ar fhéidearthacht ar Bhearta Nadúrtha Coinneála Uisce (NWRM)**
- **Tús a chur le Suirbhé Hidreamoirfeolaíochta**
- **Leanúint de na Suirbhéanna Speisialta Timpeallachta**
- **Leanúint den dréachtú ar Thuarascálacha Scagtha agus Scópála Measúnaithe Tionchair Timpeallachta chomh luath agus a bheidh bailchríoch ar pharaiméadair agus ar roghanna na scéime**

# Teagmháil

**Dá mba mhaith leat teagmháil a dhéanamh le Foireann an Tionscadail faoi aon ní a bhaineann le Scéim Fóirithinte Bhaile Féich-Srath an Urláir, seo a leanas na sonraí:**

## Ríomhphost

Ballybofey-StranorlarFRS@ByrneLooby.com

## Gnáthphost

An Bainisteoir Tionscadail SFT Bhaile Féich- Srath an Urláir
ByrneLooby
Foirgneamh 2100
Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

## Fón

+353 (0) 21 240 7988

**Tá tuilleadh eolais agus clár na Scéime ar fáil ar ár suíomh gréasáin:**

www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/home/